Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8239/2/21**
**REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0233(COD)**

**CODEC 613**
**FISC 68**
**ECOFIN 394**
**CADREFIN 210**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 8 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 agus ar Airteagal 197 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 17 Aibreán 2019[3].

4. An 31 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

[1] 9932/18 + ADD 1 go ADD 3
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 118
[3] 8575/19

5. Ina dhiaidh sin, an 22 Aibreán 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 23 Aibreán 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6116/21 + COR 1 (en, de, lt, lv, mt, pt), agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6116/21 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- an ráiteas a leagtar amach in 8239/21 ADD 1 REV 1 a fhormheas le go gcuirfear i miontuairiscí an chruinnithe sin é.

7. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[4], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.

---

[4] Cinneadh (AE) 2020/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lch. 15–16)